Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Iascach

2024/2127(INI)

17.10.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt agus na bealaí chun cinn
(2024/2127(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Isabella Lövin

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 11

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt agus na bealaí chun cinn (2024/2127(INI))

Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle[1] (CBI),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic trosc, scadán agus salán i Muir Bhailt agus do na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle[2] (an Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt),

– ag féachaint do Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí)[3],

– ag féachaint do Threoir (AE) 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú[4],

– ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 2115/77 ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 1977 lena dtoirmisctear iascaireacht dhíreach agus tabhairt i dtír scadán chun críoch tionsclaíoch seachas chun críoch a gcaite ag an duine[5],

– ag féachaint do Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú[6],

– ag féachaint do straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030, a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *'EU Biodiversity*

---

[1] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj?eliuri=eli%3Areg%3A2013%3A1380%3Aoj&locale=ga.
[2] IO L 191, 15.7.2016, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2016/1139/oj?eliuri=eli%3Areg%3A2016%3A1139%3Aoj&locale=ga.
[3] IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj?eliuri=eli%3Adir%3A2008%3A56%3Aoj&locale=ga.
[4] IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj?eliuri=eli%3Adir%3A1992%3A43%3Aoj&locale=ga.
[5] IO L 247, 28.9.1977, lch. 2, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/1977/2115/oj?eliuri=eli%3Areg%3A1977%3A2115%3Aoj&locale=ga.
[6] IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj?eliuri=eli%3Adir%3A2009%3A147%3Aoj&locale=ga.

Strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives' [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2025 dar teideal *'The European Ocean Pact'* [An Comhshocrú Eorpach um an Aigéan] (COM(2025)0281),

– ag féachaint don Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht Limistéar Mhuir Bhailt 1992 (Coinbhinsiún Heilsincí), a tháinig i bhfeidhm an 17 Eanáir 2000, agus don Choimisiún chun Muirthimpeallacht Mhuir Bhailt a Chosaint, ar a dtugtar Coimisiún Heilsincí (HELCOM) freisin,

– ag féachaint don anailís chúlra a d'iarr Coiste um Iascach na Parlaiminte dar teideal *'The multiannual plan for the Baltic Sea – A change in management needed'* [An plean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt – Tá athrú ar an mbainistíocht ag teastáil], a d'fhoilsigh a hArd-Stiúrthóireacht um Chomhtháthú, um Thalmhaíocht agus um Beartais Shóisialta i mí Lúnasa 2025[7],

– ag féachaint don staidéar a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2025 dar teideal *'Evaluation of the Baltic Sea Multiannual Plan Regulation – European Implementation Assessment'* [Meastóireacht ar an Rialachán maidir leis an bPlean Ilbhliantúil do Mhuir Bhailt – Measúnú Eorpach ar Chur Chun Feidhme],

– ag féachaint do thuarascáil an 29 Meán Fómhair 2025 ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil dar teideal *'Europe's environment and climate: knowledge for resilience, prosperity and sustainability',* ['Comhshaol agus aeráid na hEorpa: eolas ar mhaithe le hathléimneacht, rathúnas agus inbhuanaitheacht'],

– ag féachaint do thuarascáil an 31 Deireadh Fómhair 2023 ó HELCOM dar teideal *'State of the Baltic Sea 2023 – Third HELCOM holistic assessment 2016-2021'* [Staid Mhuir Bhailt 2023 – An Tríú measúnú iomlánaíoch ó HELCOM 2016-2021],

– ag féachaint do thuarascáil an 26 Samhain 2024 ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) dar teideal *'Baltic Sea ecoregion – Ecosystem Overview'* [Éiciréigiún Mhuir Bhailt – Forléargas ar an Éiceachóras], Comhairle 2024 ó ICES, Roinn 7.1,

– ag féachaint do thuarascáil 2022 ó ICES dar teideal *'Workshop on ICES reference points (WKREF1)'*['Ceardlann ar phointí tagartha ICES (WKREF1)'], Tuarascálacha Eolaíocha ICES. 4:2. 70 lch.,

– ag féachaint do thuarascáil 2022 ó ICES dar teideal *'Workshop on ICES reference points (WKREF2)'*['Ceardlann ar phointí tagartha ICES (WKREF1)'], Tuarascálacha Eolaíocha ICES. 4:68. 96 lch.,

– ag féachaint do thuarascáil 2023 ó ICES dar teideal *'Workshop on guidelines and methods for the design and evaluation of rebuilding plans for category 1-2 stocks*

[7] Anailís chúlra – *'The multiannual plan for the Baltic Sea – A change in management needed'* [An plean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt – Tá athrú ar an mbainistíocht ag teastáil], Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Chomhtháthú, um Thalmhaíocht agus um Beartais Shóisialta, an Roinn Beartais um Fhorbairt Réigiúnach, um Thalmhaíocht agus um Iascach, Lúnasa 2025.

(WKREBUILD2)' [Ceardlann maidir le treoirlínte agus modhanna chun pleananna atógála a dhearadh agus meastóireacht a dhéanamh orthu le haghaidh stoic de chatagóir 1-2 (WKREBUILD2)'], Tuarascálacha Eolaíocha ICES. 5:112. 79 lch.,

– ag féachaint do thuarascáil mhí na Samhna 2024 ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin dar teideal *'Scientific Technical and Economic Committee for Fisheries (STECF) – The 2024 Annual Economic Report on the EU Fishing Fleet (STECF-24-03 & STECF-24-07)'* [An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – Tuarascáil Eacnamaíoch Bhliantúil 2024 maidir le Cabhlach Iascaireachta an Aontais (CETEI-24-03 & CETEI-24-07)],

– ag féachaint do thuarascáil mhí Mheán Fómhair 2019 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide dar teideal *'Special Report on the Ocean and Cryosphere in a Changing Climate'* ['Tuarascáil Speisialta maidir leis an Aigéan agus an Crióisféar in Aeráid atá ag Athrú'],

– ag féachaint do thuarascáil mhí Mheán Fómhair 2025 ó Sheirbhís Mhuirí Copernicus dar teideal *'9th edition of the Copernicus Ocean State Report'* [An 9ú heagrán de Thuarascáil Stát Copernicus um an tAigéan],

– ag féachaint do thuarascáil an 24 Meán Fómhair 2025 ó Institiúid Potsdam um Thaighde maidir le Tionchar ar an Aeráid dar teideal *'Planetary Health Check 2025: A Scientific Assessment of the State of the Planet'* ['Seiceáil sláinte ar an bPláinéad 2025: Measúnú Eolaíoch ar Staid an Phláinéid'],

– ag féachaint don ráiteas comhpháirteach ó Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta sa Choimisiún agus ó ICES an 18 Meán Fómhair 2025 dar teideal *'Adaptive science and coordinated governance for cross-sector action towards Baltic Sea recovery'* ['Eolaíocht oiriúnaitheach agus rialachas comhordaithe le haghaidh gníomhaíocht trasearnála i dtreo théarnamh Mhuir Bhailt'],

– ag féachaint do thuarascáil an 28 Aibreán 2025 ón gCoiste um Iascach dar teideal *'Working document on the implementation of Regulation (EU) 2016/1139 ('Baltic MAP')'* [Doiciméad oibre maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/1139 ('Rialachán an chláir ilbhliantúil um an Mhuir Bhailt')],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2025),

A. de bhrí nach bhfuil a chuspóirí bainte amach ag plean ilbhliantúil an Aontais d'iascach Mhuir Bhailt (an Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt) agus nach bhfuil mar thoradh air go ndéantar líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a choinneáil ar bun os cionn leibhéil atá in ann UTI a tháirgeadh, ná cur chun feidhme an chur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh, rud a fhágann go bhfuil go leor iarmhairtí socheacnamaíocha tubaisteacha ann d'earnáil an iascaigh;

B. de bhrí gur chlis ar stoic throsc Mhuir Bhailt agus nach bhfuil téarnamh orthu, d'ainneoin gur dúnadh iascaigh spriocdhírithe ó 2019 i leith;

C. de bhrí go mbaineann 92 % de na soithí i Muir Bhail le hiascaigh chósta ar mhionscála agus nach dtugann siad ach 7 % den mheáchan iomlán i dtír, ach go gcuireann siad 22 % den luach tugtha i dtír ar fáil, rud a léiríonn breisluach níos airde sa roinn chabhlaigh sin;

D. de bhrí go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an oll-bhreisluach d'iascairí ar mionscála ó bunaíodh an Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt, de réir measúnuithe ó Choiste Eolaíoch Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach an Choimisiúin, rud a chuireann slándáil an tsoláthair bia i mbaol agus a mhéadaíonn spleáchas an Aontais ar allmhairí;

E. de bhrí go bhfuil Muir Bhailt thíos le brúnna iomadúla arb é an duine is cúis leo agus le díghrádú fadtéarmach, agus go bhfuil sí an-leochaileach mar gheall ar a himchuach farraige éadomhain le speicis atá uathúil go géiniteach agus a d'fhorbair le bheith in ann cónaí in uisce goirt ina bhfuil leibhéil salandachta agus ocsaigine atá íseal go nádúrtha;

F. de bhrí, cé go bhfuil laghdú tagtha le himeacht ama ar bhrúnna in aghaidh srutha amhail luchtú cothaitheach agus ceimiceáin leagáide thruaillitheacha amhail mearcair agus défheinil pholaclóirínithe, go bhfuil an t-iascach fós ina strusóir láidir ar phríomhstoic éisc;

G. de bhrí go bhfuil tionchair an téimh uisce mara, arb é an t-athrú aeráide domhanda is cúis leo, ag gníomhú go han-tapa i Muir Bhailt, agus go tuartar go mbeidh tuilleadh iarmhairtí forleathana agus iarmhairtí nach eol den chuid is mó mar thoradh orthu, lena n-áirítear éiginnteacht maidir le hacmhainneacht atáirgthe na bpobal éisc amach anseo;

H. de bhrí go leanann na Ballstáit de chinneadh a dhéanamh maidir le cuótaí arda contúirteacha do stoic éisc atá ar leibhéil ísle bhithmhaise, nó gar dóibh, agus neamhaird á tabhairt ar na leibhéil a cheanglaítear leis an Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt agus leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, lena n-éilítear freisin gréasáin chothroma bia agus stoic a bhfuil méid sláintiúil agus dáileadh aoise acu;

I. de bhrí gur ceadaíodh iascaigh thionsclaíocha le haghaidh min éisc agus ola éisc i réigiún Mhuir Bhailt in 1995, agus ó shin i leith go ndearnadh iascaigh a chlaochlú trí chórais cuótaí inaistrithe aonair chun níos lú soithí agus soithí níos mó a óstáil a bhfuil an lámh in uachtar acu maidir le tabhairt i dtír scadán; de bhrí, sa lá atá inniu ann sa tSualainn agus san Fhionlainn, nach n-úsáidtear ach 10 % agus 17 % de ghabhálacha faoi seach lena gcaitheamh go díreach ag an duine;

J. de bhrí gurb é an toradh a bhí ar mheasúnuithe ar speicis aonair agus ar chomhairle eolaíoch, sna dálaí comhshaoil atá ann faoi láthair, go ndearnadh rómheastachán struchtúrach ar acmhainneacht atáirgthe stoic agus ar mhéid iomlán an stoic;

K. de bhrí nach leagtar béim leordhóthanach ar cheisteanna riosca sa chomhairle ó ICES agus gur cheart í a fheabhsú chun cáilíocht na measúnuithe agus na saincheisteanna ábhartha a léiriú ar bhealach níos fearr;

L. de bhrí gur luaigh ICES i mí Mheán Fómhair 2025, in éineacht le Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta sa Choimisiún, i gcás Mhuir Bhailt 'nach leor

bainistiú aonfhoirmeach traidisiúnta ar speicis aonair a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar na castachtaí a tugadh faoi deara';

M. de bhrí go n-úsáideann na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Nua-Shéalainn agus an Astráil cur chuige níos faichillí maidir le cuótaí a shocrú ná mar a úsáideann an Aontas agus go n-áirítear leo maoláin éiginnteachta shainráite agus pleananna atógála arna spreagadh go huathoibríoch nuair a sháraítear teorainnluachanna;

N. de bhrí nár chloígh cinntí maidir le gabháil iomlán incheadaithe (GII), rialacha teicniúla agus bearta feabhais le ceanglas Airteagal 5 den Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt chun bearta a ghlacadh 'chun a áirithiú go mbainfear amach go tapa arís leibhéil an stoic lena mbaineann os cionn an leibhéil atá ábalta UTI a tháirgeadh';

O. de bhrí, cé go raibh sé beartaithe go mbeadh an Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt ina chreat solúbtha a bheadh le coigeartú faoi chur chuige réigiúnaithe, nach raibh ach rath teoranta ar na hathruithe sin;

P. de bhrí, cé go sonraítear i roinnt rialachán den Aontas dá dtagraítear sa Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt conas riosca a sheachaint, agus measúnú a dhéanamh ar stoic shláintiúla agus ar chomhpháirteanna éiceachórais, nár lean cinntí bainistíochta iad go leordhóthanach;

Q. de bhrí go ndéantar idirdhealú faoi láthair i gcóras cinnteoireachta an Aontais maidir le GIInna idir bainistiú spriocspeiceas agus riachtanais chosanta speiceas eile, d'ainneoin gur cuid d'éiceachóras amháin iad agus go bhfuil na ceanglais chéanna acu chun stádas sláintiúil a bhaint amach;

R. de bhrí gur cuid nádúrtha d'éiceachóras Mhuir Bhailt é creachadh ag speicis dhúchasacha; de bhrí go léiríonn fianaise eolaíoch go bhfuil a dtionchar ar phobail éisc logánaithe, sonrach don chomhthéacs agus go bhfuil a n-éifeachtaí foriomlána teoranta i gcónaí;

S. de bhrí go dtionóltar plé ullmhúcháin faoi chinntí GII i bhFóram Iascaigh Mhuir Bhailt (BALTFISH), grúpa nach bhfuil trédhearcacht aige i gcomparáid le comhlachtaí ullmhúcháin agus meithleacha eile den Aontas;

Gníomhaíochtaí práinneacha

1. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle úsáid a bhaint as na huirlisí dlíthiúla uile atá ar fáil chun stop a chur le haon mheath breise a d'fhéadfadh a bheith ina riosca maidir le cliseadh iomlán stoic éisc Mhuir Bhailt, lena n-áirítear trí ghníomhartha tarmligthe, moltaí comhpháirteacha agus Airteagail 5 agus 8 den Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt a úsáid, na forálacha faoi Airteagal 12 de CBI agus tionscnaimh na mBallstát trí Airteagail 8, 11, 13, 17 agus 20 de CBI, go haontaobhach nó trí réigiúnú trí Airteagal 18;

2. ag tathant ar an gCoimisiún stop a chur leis an gcur chuige 'gnó mar is gnách' maidir le hiascaireacht leanúnach i Muir Bhailt agus, ina ionad sin, bogadh i dtreo céim téarnaimh agus atógála;

3. á iarraidh go ndéanfaí maoláin réamhchúraim a chur chun feidhme go práinneach mar fhreagairt ar rómheastachán struchtúrach a rinneadh arís agus arís eile le déanaí ar mhéid an stoic agus ar tháirgiúlacht fhormhór na stoc éisc i Muir Bhailt as ar eascair na blianta de ró-iascaireacht gan bhrath; ag tathant ar an gComhairle GIInna a shocrú 50 % ar a laghad faoi bhun F_{UTI} maidir leis na stoic uile a thiteann faoi bhun na leibhéal spreagtha arna dtabhairt faoi deara sa Rialachán maidir leis an bplean bainistíochta ilbhliantúil um an Mhuir Bhailt;

4. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhearta éigeandála a sheoladh i gcomhréir le hAirteagail 12 agus 13 de CBI agus gníomhaíocht a ullmhú go pras trí anailís a dhéanamh ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann le formhór na n-iascach a dhúnadh, agus aird á tabhairt ar ioncam caillte, slite beatha, slándáil bia agus costas na neamhghníomhaíochta amach anseo;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún liosta de bhearta feabhais breise a ullmhú, mar a tugadh faoi deara in Airteagal 5 den Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt, ar féidir iad a chur i bhfeidhm bunaithe ar fhorálacha sa reachtaíocht atá ann cheana chun téarnamh stoc atá ar leibhéil chriticiúla faoi láthair i Muir Bhailt a bhaint amach;

6. á thabhairt chun suntais nach mór a áireamh ar na bearta feabhais sin limistéir aisghabhála stoc éisc agus tréimhsí coiscthe a chruthú lena ndíreofar ar limistéir chomhiomlánaithe gheimhridh agus réamhsceite, chomh maith le limistéir sceite agus iasclainne, atá ailínithe le forálacha sa dlí maidir le hathbhunú an dúlra;

7. á mheabhrú don Choimisiún gur gá iascaigh a dhíríonn ar bhia don duine a bhfuil tabhairt i dtír teoranta acu a chosaint, agus cead a thabhairt d'iascaigh den sórt sin oibriú le linn céimeanna atógála, agus ar an gcaoi sin tacú le haistriú cóir chuig cabhlach iascaireachta ísealcharbóin ísealtionchair;

An chomhairle eolaíoch a athrú

8. ag tathant ar an gCoimisiún a iarraidh láithreach ar ICES comhairle ilspeiceas bunaithe ar éiceachórais a fhorbairt, bunaithe ar athrú comhshaoil, le pointí tagartha bunaithe ar éiceachórais agus básmhaireacht iascaireachta arna coigeartú ag éiceachórais, chomh maith le táscairí comhlántacha lena ndéantar an Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt a ailíniú le ceanglais maidir leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, mar shampla chun táscairí móra éisc a áireamh;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún maoláin réamhchúraim a iarraidh ar ICES sa chomhairle eolaíoch agus deireadh a chur le haon úsáid a bhaintear as raonta os cionn UTI, agus comhairle a iarraidh maidir le 'uasteorainneacha éiceachórais' a shocrú lena dteorannaítear an bhithmhais iomlán is féidir a bhaint as éiceachóras;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún a cheangal go n-úsáidfear pointí tagartha bithmhaise B_{UTI} sna measúnuithe stoic uile, mar a léirítear i gcuspóirí an Rialacháin maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt agus CBI;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún comhairle eolaíoch a iarraidh lena dtugtar chun suntais go soiléir na rioscaí a bhaineann le staid reatha an chomhshaoil agus an éiginnteacht mhéadaithe mar gheall ar an athrú aeráide;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú ar na rialacha rialaithe buainte atá ann faoi láthair a iarraidh, agus é á aithint gur próiseas inmheánach ICES é sin a mhéid a bhraitheann sé ar rialacha reachtacha nua nó ar léirmhíniú athraithe ar na rialacha atá ann cheana;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún a iarraidh ar ICES nóta treorach a fhorbairt do na Ballstáit agus don Choimisiún maidir le conas comhairle eolaíoch a léirmhíniú ionas go mbeidh sé i gcomhréir leis an gcur chuige éiceachórais agus réamhchúraim, agus athléimneacht Mhuir Bhailt á hatógáil ag an am céanna;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar rialacha soiléire agus trédhearcacha a fhorbairt maidir le GIInna a shocrú, agus iad ailínithe go dlúth le cuspóirí an Rialacháin maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt agus de réir comhairle nua ilspeiceas atá bunaithe ar éiceachórais; á iarraidh ar an gComhairle tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú ina míneofar cinntí GII agus bearta eile agus ina dtabharfar údar cuí leo, ionas go mbeidh an nós imeachta chun GIInna a shocrú agus an plé maidir le BALTFISH oscailte agus trédhearcach don phobal i gcoitinne agus chun go mbeidh na Ballstáit cuntasach as a gcinntí;

15. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún aon chur chuige i leith creachóireacht nádúrtha a bhunú ar an eolaíocht, agus tús áite á thabhairt do bhearta coisctheacha, neamh-mharfacha agus spriocdhírithe go háitiúil, agus faireachán, cistiú agus comhar leormhaith le páirtithe leasmhara a áirithiú chun cleachtais éifeachtacha mhaolaithe a chur chun feidhme;

Athruithe dlíthiúla

16. ag tathant ar an gCoimisiún tús a chur le hathbhreithniú ar an Rialachán maidir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt chun pointí tagartha éiceachórais a chur san áireamh lena sainítear ‘spás oibríochta sábháilte’ lena gcomhtháthaítear táirgiúlacht, caidrimh trófacha, bithéagsúlacht, tionchair ghnáthóige agus acmhainneacht chomhshaoil agus lena soláthraítear coimircí lena dteorannaítear comhairle ródhóchasach maidir le stoc aonair; á chur i bhfáth go n-áirítear san athbhreithniú sásraí freagartha comhshaoil lena spreagtar gníomhaíocht bhainistíochta lena n-éilítear brú iascaireachta laghdaithe ar fud na stoc uile chun an bia-eangach ina iomláine a chosaint má léiríonn pointí tagartha éiceachórais laghduithe foriomlána ar tháirgiúlacht an éiceachórais;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún grúpa bainistithe éiceachórais i Muir Bhailt a chruthú ina gcomhtháthófar saineolas HELCOM agus ICES, agus ardán comhairleach buan do pháirtithe leasmhara a bhunú a bheidh comhdhéanta go príomha de ghníomhaithe áitiúla i bpobail chósta amhail iascairí tráchtála, iascairí áineasa, páirtithe leasmhara turasóireachta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus údaráis áitiúla, chun ionchur a sholáthar do chinntí GII agus do bhearta eile;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún rialacha a shoiléiriú agus a leagan síos maidir le leibhéil inghlactha riosca agus tréimhsí ama i ndáil le gealltanais chun stoic a atógáil, an dúlra a athbhunú agus éiceachórais shláintiúla a chaomhnú;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle machnamh a dhéanamh ar rialacha atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le gníomhaíochtaí atá le déanamh go

huathoibríoch nuair a thiteann stoic faoi bhun spreag-luachanna a shocraítear i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim, lena ndéantar an Aontas a ailíniú le réigiúin a bhainistítear níos fearr amhail réigiúin na hAstráile, na Nua-Shéalainne, Cheanada agus na Stát Aontaithe;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an toirmeasc ar iascaigh nach ndíríonn ar bhia don daoine a bhí i bhfeidhm go dtí 1995 a thabhairt isteach an athuair, nuair nár ceadaíodh eisceachtaí ar dtús ach amháin ‘ar choinníoll nach mbaineann rioscaí leis an iascach sin go ndéanfaí damáiste éiceolaíoch do-aisiompaithe’;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle moratóir a mholadh maidir le trálaeireacht thionsclaíoch agus stop a chur le gach trálaeireacht ghrinnill i limistéir chósta agus éadoimhne agus i ngach cineál limistéar muirí faoi chosaint go dtí go bhforbrófar na rialacha agus na critéir dhlíthiúla sin;

°

° °

22. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá géarchéim sa Mhuir Bhailt agus ní mór athruithe práinneacha a dhéanamh ar an mbealach a gcaithimid leis an imchuach farraige seo. Sa ghearrthéarma, ní bhaineann sé le hábhar má tá rialacha leordhóthanacha i bhfeidhm nó mura bhfuil, toisc nach féidir le Muir Bhailt fanacht le rialacha nuashonraithe nó nua. Le linn an chruinnithe Aireachta *'Our Baltic'* ['Ár Muir Bhailt'] i Stócólm i mí Mheán Fómhair 2025, rinne rúnaí feidhmiúcháin HELCOM achoimre ar an méid seo a leanas:

'Dá mba othar daonna an fharraige, bheadh sí i riocht criticiúil, bheadh sí fós in ann maireachtáil ach ní bheadh aon ghealltanas ina leith. Othar a bhfuil dianchúram ag teastáil uaithi, a dteastaíonn iarracht leanúnach láithreach ó dhochtúirí inniúla eolasacha uaithi, agus an rath ag brath ar riaradh tráthúil na dteiripí úrscothacha is fearr.'

Iarrtar gníomhaíocht sa tuarascáil sin faoi láthair agus moltar athruithe tábhachtacha sa pheirspictíocht níos faide freisin. Mar sin féin, an gá maidir leis othar seo, an Muir Bhailt, a chóireáil go práinneach ní ábhar plé nó díospóireachta é, is é atá i gceist ná gníomhú anois leis an méid atá againn cheana féin.

Ní glao ar choigeartuithe incriminteacha é an togra seo ach oiread. Is glao é ar cheartú riachtanach agus práinneach ar chliseadh rialála sistéamach. Má dhéantar beart de réir na n-athruithe sin, beidh bealach inmharthana ann i dtreo téarnamh éiceolaíoch, ioncam méadaithe d'iascairí cósta, slándáil threisithe bia chomh maith le comhlíonadh dhlí an Aontais.

Ba cheart na gníomhaíochtaí a mholtar sa togra seo a thuiscint mar thrí chuid ar leith a bhfuil amlínte éagsúla acu:

1. gníomhaíochtaí láithreacha is féidir a dhéanamh laistigh de na creataí atá ann faoi láthair;

2. na céimeanna is gá chun comhairle iomchuí maidir le héiceachórais eolaíocha agus pointí tagartha iomchuí a fhorbairt;

3. moltaí maidir le cur chuige nua i leith bhainistiú Mhuir Bhailt a mbeidh athruithe dlíthiúla ar an bplean bainistíochta ilbhliantúil ag teastáil ina leith.

An t-éiceachóras a athshocrú le gníomhaíochtaí práinneacha

Is léir go bhfuil athshocrú ag teastáil ar éiceachóras Mhuir Bhailt agus nach bhfuil gnó mar is gnách inghlactha. Agus seirbhísí éiceachórais Muir Bhailt shláintiúil a chur i mbaol don todhchaí níl sé sách maith iascaireacht a dhéanamh ar mhin éisc atá beartaithe d'fheirmeacha bradán agus minceanna. Tá an trosc i Muir Bhailt, a bhí flúirseach tráth, tar éis laghdú go tragóideach, agus tá bithmhais stoic éisc tráchtála ag leibhéal íseal stairiúil sa lá atá inniu ann, agus iad ina gcodán beag den mhéid a bheadh Muir Bhailt in ann a tháirgeadh i gcás nach ndéanfaí iascaireacht inti. Tá conair i dtreo téarnaimh ag teastáil ón muir seo, rud a chuideoidh le spriocanna atá curtha in iúl go soiléir a bhaint amach maidir lena bhfuil i gceist le leibhéil shábháilte éisc agus a ndáileadh méide agus aoise le breithnithe éiceachórais aitheanta eile atá ionchorpraithe go hiomlán. Ní mór deireadh a chur leis an mbith-ionramháil ar scála imchuach farraige. Ina ionad sin, ba cheart do Mhuir Bhailt a bheith ina limistéar

píolótach chun éiceachóras iomlánaíoch nua a bhainistiú, agus tús áite á thabhairt d'iascaireacht ísealtionchair lena caitheamh ag an duine, agus do chuir chuige eolaíocha nua.

spriocanna bithmhaise a leagan síos i bhfad os cionn na spriocanna a úsáidtear faoi láthair, is é sin an bealach is tapa chun lamháil sábháilteachta a sholáthar d'athruithe i ndáil le heotrófú, truailliú agus teocht an uisce atá ag ardú, agus impleachtaí an méid sin don éiginnteacht i bhforbairt stoc éisc. Is féidir é sin a dhéanamh agus ní mór é a dhéanamh inniu trí úsáid a bhaint as na huirlisí agus na rialacha uile atá i bhfeidhm cheana. Is dócha go mbeidh roinnt blianta de chiorruithe riachtanacha ar leibhéil GII atá ann faoi láthair, ach ar deireadh cuirfidh éiceachóras atógtha, níos athléimní tairbhí ollmhóra ar fáil do phobail iascaireachta cósta agus dár saoránaigh.

Tá sé ríthábhachtach freisin bithmhais na stoc éisc tráchtála i Muir Bhailt a neartú ar mhaithe le hathléimneacht an éiceachórais ina iomláine, rud atá tábhachtach go háirithe in aeráid atá ag athrú go tapa. Is linn mhór charbóin é an t-aigéan, ag ceapadh beagnach an tríú cuid de na hastaíochtaí CO2 uile a cruthaímid. Tá pobail shláintiúla éisc fhiáine lárnach chun cumas na farraige maidir le ceapadh carbóin a choinneáil ar bun, agus tá siad ríthábhachtach chun an bia-eangach ina iomláine a chobhsú.

Le bithmhais láidir éisc, chosnófaí slándáil an tsoláthair bia freisin le linn éagobhsaíocht gheopholaitiúil. Rannchuideodh sé freisin le huiscí níos glaine, laghdódh sé leitheadúlacht na miocralgaí, agus dhéanfadh sé sláinte na n-éiceachóras cósta a athbhunú.

Ó thaobh an gheilleagair de, dhéanfadh stoic éisc níos láidre an t-iascach a chobhsú freisin trí ghabhálacha níos intuartha a áirithiú le himeacht ama, rud a laghdódh leochaileacht na n-iascairí agus na bpobal cósta. Chiallódh sé freisin níos lú ama a chaitheamh ag iascaireacht, úsáid breoslaí a laghdú agus ar an gcaoi sin an bealach a réiteach freisin d'aistriú glas agus cóir níos réidhe, chun bogadh ó spleáchas ar bhreoslaí iontaise.

Tacaíocht agus comhairle eolaíoch nua i ndomhan atá ag athrú

Is gá athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras chun comhairle eolaíoch a dhearadh agus a fhorbairt. Soláthraíonn ICES measúnuithe luachmhara stoic agus tugann sé éiginnteachtaí dá aire, ach ní chuireann sé aon mhaolán réamhchúraim i bhfeidhm. Tá an fhreagracht seo ar bhainisteoirí a ghlac cinntí a bhfuil claonadh acu i dtreo rioscaí arís agus arís eile. Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún Eorpach a cheangal ar ICES achoimrí níos soiléire a thabhairt ar rioscaí, éiginnteachtaí agus príomh-shaincheisteanna a bhaineann le gach comhairle. Thairis sin, ní féidir a mheas a thuilleadh gur leor measúnuithe aonspeicis i gcás inar léir na tionchair ar fud an éiceachórais. Ní mór an chomhairle a fhorbairt i dtreo cur chuige atá bunaithe i ndáiríre ar éiceachórais.

Níl an t-athrú seo roghnach. Tá bainistiú iascaigh ag caitheamh le speicis chóireáilte ina n-aonar le rófhada, gan aird a thabhairt ar an ról atá acu laistigh d'éiceachórais níos leithne, cé go gcumhdaítear cur chuige bunaithe ar éiceachórais leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus leis an CBI (ó 2013 i leith) araon. Braitheann éin, mamaigh agus speicis éisc nach spriocspeicis iad ar na hacmhainní céanna, agus ní mór a riachtanais a léiriú i socrú cuótaí. Tá pobail éisc shláintiúla agus éagsúla fíor-riachtanach ní hamháin don bhithéagsúlacht mhuirí ach don tslándáil bia faoi strus aeráide freisin, do dhaoine agus do speicis eile a bhfuil cónaí orthu i Muir Bhailt araon.

Ar bhonn eolaíoch, d'fhágfadh pobail níos mó agus níos cothroime go bhféadfaí measúnuithe níos sábháilte agus níos cruinne a dhéanamh ar riachtanais éiceachórais agus ar leibhéil bhithmhaise araon, rud a chuirfeadh cosc ar thimthriall reatha an tsocraithe cuótaí lena gcoinnítear stoic gar do thairseacha chliseadh na stoc. Trí chastacht na n-iascach measctha a laghdú, ina ndéanann na comhpháirteanna stoic is laige cuótaí a laghdú agus srian a chur ar an earnáil, chinnteodh bithmhais níos sláintiúla todhchaí d'iascairí cósta ar mhionscála nach féidir leo sa lá atá inniu ann a gcuótaí leithdháilte a ghabháil fiú. Ar deireadh, d'éascódh stoic níos láidre coinbhleachtaí le creachadóirí nádúrtha, rud a laghdódh an iomaíocht le haghaidh acmhainní ganna.

An muirdhreach dlíthiúil ilroinnte

Saincheist thábhachtach amháin is ea an débhríocht dhlíthiúil a bhaineann leis an bplean bainistíochta ilbhliantúil agus an gaol atá aige leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, CBI, agus le hoibleagáidí náisiúnta. Tá an plean bainistíochta ilbhliantúil nasctha go díreach leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, lena gcuirtear d'oibleagáid ar iascaigh díghrádú éiceachórais a chosc agus an bhithéagsúlacht, bia-eangacha agus struchtúr stoic éisc, dáileadh aoise agus méide a chosaint. Sa chleachtas, áfach, caitear leis na ceanglais sin mar cheanglais mhianaidhme seachas mar cheanglais cheangailteacha. Dá bhrí sin, ní mór an t-ordlathas agus an idirghníomhaíocht idir an plean bainistíochta ilbhliantúil, an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, CBI agus bearta náisiúnta a shoiléiriú chun comhleanúnachas rialála agus torthaí in-fhorfheidhmithe a áirithiú seachas spriocanna lánroghnacha.

D'ainneoin dea-rúin, theip ar Phlean Bainistíochta Ilbhliantúil um an Mhuir Bhailt iascach inbhuanaithe a chur ar fáil. Cé is moite de scadáin i mBá Ríge, agus go pointe áirithe an stoc leathóg, tá meath ag teacht ar fhormhór na stoc éisc tráchtála nó tá siad tite cheana féin. Tacaítear leis an ráiteas seo le comhairle eolaíoch ICES, le hathbhreithniú iomlánaíoch 2023 HELCOM, agus le staidéir chúlra a cuireadh ar fáil don Choiste um Iascach. Ní hiascaireacht neamhdhleathach í an fhadhb ach ró-iascaireacht shistéamach laistigh de na Gabhálacha Iomlána Incheadaithe (GIInna) a comhaontaíodh go polaitiúil. Cé gur comhreachtóir í Parlaimint na hEorpa, staon sí go dtí seo ó chomharthaí láidre míshástachta a chur chuig an gComhairle. Sa tuarascáil seo áitítear go bhfuil comharthaí den sórt sin riachtanach anois. Níor comhlíonadh príomhchuspóir an phlean bainistíochta ilbhliantúil speicis bhuainte a choinneáil ar bun os cionn leibhéil lenar féidir Uastáirgeacht Inbhuanaithe (UTI) a tháirgeadh agus fágadh iascairí gan ghabhálacha ná ioncam. Ina ionad sin, thug cinntí neamhaird go rialta ar phrionsabal an réamhchúraim, sháraigh siad tairseacha amhail Btrigger, agus chuir siad sláinte an éiceachórais i mbaol, rud a bhain an bonn ní hamháin de spriocstoic éisc ach den mhuirthimpeallacht i gcoitinne.

Tá an t-othar Muir Bhailt inár lámha. D'fhulaing sí caillteanais feidhmeanna ríthábhachtacha amhail nuair a chuaigh stoic trosc thar phointe an chúraim phráinnigh. Ní mór an fuiliú inmheánach a stopadh agus ní mór a córas riospráide a athshlánú. Níl aon díospóireacht níos faide ag teastáil ón othar seo maidir leis na nósanna imeachta ba cheart a thriail, nó cad iad na scrúduithe breise atá le déanamh. Tá na saineolaithe chomh soiléir agus is féidir leo: Tá cuidiú ag teastáil ón othar seo anois.